Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post seo leanas a líonadh; **Oifigeach Feidhmiúcháin, Gnóthaí Corparáideacha** sa Rannóg Gnóthaí Corparáideacha, Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7. Is post Lánaimseartha, Buan é seo. Líonfar an post seo trí agallaimh oscailte iomaíochta a dhéanamh.

**Teideal an Phoist**

Oifigeach Feidhmiúcháin Gnóthaí Corparáideacha

**Suíomh**

Beidh an sealbhóir poist lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann, ag obair go príomha sa Rannóg Gnóthaí Corparáideacha i nDún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7 nó in aon láithreán eile de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ), de réir mar a ainmníonn an Stiúrthóir é/í ó am go chéile chun dualgais a chomhlíonadh ann. D'fheadfadh sé a bheith riachtanach don Oifigeach Feidhmiúcháin Gnóthaí Corparáideacha taisteal go láithreáin ar bith de chuid an Mhúsaeim.

**Ag obair faoi**

Beidh an t-iarrthóir rathúil ag obair faoi Cheannasaí Gnóthaí Corparáideacha.

**Cuspóir an Phoist**

Is é cuspóir an róil seo (Oifigeach Feidhmiúcháin) cúnamh a thabhairt maidir leis an bhFeidhm Gnóthaí Corparáideacha a bhainistiú, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm laistigh d'Ard-Mhúsaem na hÉireann agus idirchaidreamh a dhéanamh le Oifig Stiúrthóir AMÉ, le Bord AMÉ agus leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt de réir mar is gá.

<u>**Dualgais agus Freagrachtaí**</u>

**Príomhdhualgais agus Freagrachtaí:**

- Cúnamh a thabhairt le straitéis, beartas agus nósanna imeachta agus treoirlínte a bhaineann le réimse Gnóthaí Corparáideacha a ullmhú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu agus cúnamh a thabhairt le cuspóirí corparáideacha agus reachtúla AMÉ a sholáthar.
- Feidhmeanna Gnóthaí Corparáideacha a chomhlíonadh agus déileáil le saincheisteanna (inmheánacha agus seachtracha) gach lá, idirchaidreamh a dhéanamh leis an bhFoireann ar fad in AMÉ.
- Cúnamh a thabhairt le hiarratais RGCS agus SF, chomh maith le cur i bhfeidhm foriomlán RGCS in AMÉ, chomh maith le gach riachtanas faoi SF.
- Cúnamh a thabhairt le freagraí Ceisteanna Parlaiminte, aighneachtaí agus díospóireachtaí atrátha a ullmhú.
- Cúnamh a thabhairt maidir le ceisteanna ón bpobal a bhainistiú agus a chomhordú.
- Cúnamh a thabhairt le Creat Bainistíochta Riosca AMÉ a choinneáil.
- Cúnamh a thabhairt do Cheannasaí Gnóthaí Corparáideacha maidir le cúrsaí dlí, lena n-áirítear cóipcheart agus maoin intleachtúil.
- Cúnamh a thabhairt do Cheannasaí Gnóthaí Corparáideacha maidir le hIniúchóireachta Inmheánacha a bhainistiú agus a chomhordú.
- Cúnamh a thabhairt do Cheannasaí Gnóthaí Corparáideacha maidir le cúrsaí boird ábhartha agus taisc ghaolmhara.

- Cúnamh a thabhairt le cáipéisí corparáideacha, ar nós Tuarascálacha Bliantúla. Plean Straitéiseach, a ullmhú.
- Cúnamh a thabhairt le hoibleagáidí comhlíonta, lena n-áirítear Acht na dTeangacha Oifigiúla, chomh maith leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí.
- Cúnamh a thabhairt leis an gclár Bainistíochta Taifead a chur i bhfeidhm, chomh maith le riachtanais ábhartha maidir leis sin.
- Cúnamh a thabhairt le straitéis AMÉ maidir le hinbhuanaitheacht agus athrú aeráide a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear dualgais rúnaíochta a chur ar fáil d'Fhoireann Ghlas AMÉ.
- Cúnamh a thabhairt le comhaid agus taifid gnóthaí corparáideacha a choinneáil.
- Cúnamh riaracháin a chur ar fáil do Cheannasaí Gnóthaí Corparáideacha agus Ceannasaí Oibríochtaí de réir mar is gá.
- Cúnamh a thabhairt le cruinnithe agus imeachtaí eile a eagrú de réir mar is gá.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na Rannóga Acmhainní Daonna agus Airgeadais.
- Cúnamh a thabhairt le gach dualgas eile de réir mar is cuí don ról.

**Sonraíocht Phearsanta**

**Bunriachtanais**

- Taithí ar ról den chineál céanna laistigh den earnáil phoiblí.
- Tiomantas do chaighdeáin arda seirbhíse poiblí.
- An cumas obair a dhéanamh go neamhspleách agus mar chuid de fhoireann.
- Taithí ar Rialachas agus Comhlíonadh na hearnála poiblí, go háirithe SP agus RGCS.
- Scileanna TF den scoth, agus cumas pacáistí Microsoft a úsáid.
- Scileanna láidre riaracháin, comhordaithe agus cumarsáide.
- Scileanna Eagrúcháin den scoth, lena n-áirítear an cumas eolas a bhailiú agus taighde a dhéanamh air.
- Scileanna Scríbhneoireachta den scoth, lena n-áirítear scríobh tuairisce.

**Tá na cáilíochtaí seo a leanas inmhianaithe (ach níl siad bunriachtanach)**

- Cáilíocht tríú leibhéal ábhartha.
- An cumas agus an toilteanas chun tuiscint a fhorbairt ar ról straitéiseach Ard-Mhúsaem na hÉireann.
- Cumas cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge (cumas scríofa agus labhartha).
- Taithí ar chóipcheart agus maoin intleachtúil.
- Cinnteoireacht mhaith agus breithiúnas maith.

